An Coimisiún Eorpach

BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope

30 Bealtaine 2018

CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS AGUS AN CISTE EORPACH UM CHOIGEARTÚ DON DOMHANDÚ (CED)

INFHEISTÍOCHT I NDAOINE

Chun an Eoraip a dhéanamh comhtháite, athléimneach agus iomaíoch san am atá le teacht, is gá infheistíocht a dhéanamh i ndaoine san am i láthair: san oideachais agus san oiliúint, ina gcuid scileanna, a gcuid infhostaitheachta, chomh maith leis an bpoitéinseal atá iontu gnólachtaí a chruthú agus nuálaíocht a dhéanamh, sin agus ina gcuid sláinte agus sna dálaí maireachtála atá acu trí chéile.

An infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, agus an Eoraip a dhéanamh níos córa agus níos sóisialta, tá siad sin ar phríomhthosaíochtaí an Choimisiúin reatha ón gcéad lá riamh. An uaillmhian agus an gealltanas sin, is mar thoradh orthu a bunaíodh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, rud dar sprioc cearta sóisialta daingne agus nua a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh.

LEAGAN NUA FEABHSAITHE DE CHISTE SÓISIALTA NA HEORPA

Beidh Ciste Sóisialta Plus na hEorpa ar phríomh-ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh le gné shóisialta na hEorpa a neartú, rud a dhéanfar ach an Colún a chur ag obair. Is éard atá ann an leagan 'nua feabhsaithe' de Chiste Sóisialta na hEorpa mar is ann dó faoi láthair.

- Déanfar na hacmhainní airgeadais a chur in áirithe do thosaíochtaí polaitiúla ríthábhachtacha agus do cheisteanna a bhíonn ag déanamh buartha do na saoránaigh:
  - Caithfear cláir agus tionscadail CSE+ a dhíriú ar dhúshláin a shainaithnítear faoin Seimeastar Eorpach i bhfianaise Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta
  - Ballstáit a bhfuil líon mór daoine óga acu nach bhfuil fostaithe, agus gan iad sa chóras oideachais ná faoi oiliúint, beidh orthu ar a laghad 10% de mhaoiniú CSE+ a chur i leataobh do bhearta a thacóidh le fostaíocht don aos óg, agus le gníomhachtú an aosa óig
  - Is ceart do na Ballstáit ar a laghad 25% de mhaoiniú CSE+ a chur i dtreo mhaoiniú do bhearta a chothaíonn an cuimsiú sóisialta agus do na daoine is díothaí
- Féachfar chuige go mbeidh CSE+ níos comhleanúnaí agus níos comhlántaí le Cistí eile a bhíonn ag tacú le daoine, cistí mar Erasmus, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, agus an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach

STRUCHTÚR AGUS BUISÉAD

Molann an Coimisiún buiséad iomlán **€101 BILLIÚN i bpraghsanna reatha don tréimhse 2021–2027.**

Is éard atá i gCiste Sóisialta Plus na hEorpa cónascadh na nithe seo: Ciste Sóisialta na hEorpa arb ann dó cheana, an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg, an Ciste um Chabhair do na Daoine is Díothaí, Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta, agus Clár Sláinte an Aontais Eorpaigh. Seo thíos miondealú ar na codanna éagsúla:

Seo é an toradh a bheidh ar chónascadh na gcistí:

- Breis sineirgí agus breis comhlántachta a chruthú idir na cistí atá ann cheana
- Breis solúbthachta a chur sa tacaíocht airgeadais chun freagairt do dhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta
- An clársceidealú agus an bhainistíocht a shimpliú, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin a bhíonn ar údaráis agus ar thairbhithe

AN CISTE EORPACH UM CHOIGEARTÚ DON DOMHANDÚ AGUS É NEARTAITHE

Is éard atá sa Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú léiriú coincréiteach de dhlúthpháirtíocht an Aontais Eorpaigh i leith oibrithe Eorpacha a chaill a bpost. Is éard is sprioc don mhaoiniú ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú feabhas a chur ar scileanna agus ar infhostaitheacht na n-oibrithe sin.

STRUCHTÚR AGUS BUISÉAD

Beidh CSE fós ar cheann de na hionstraimí speisialta a chuireann ar chumas an Aontais gníomh a dhéanamh nuair a thagann cor sa chás gan choinne. Dá bhrí sin, ní cuid de huasteorainneacha buiséadacha an chreata airgeadais ilbhliantúil atá ann. **Molann an Coimisiún buiséad iomlán €1.6 BILLIÚN i bpraghsanna reatha don tréimhse 2021–2027.**

I láthair na huaire, is féidir le Ballstáit cúnamh a iarraidh ar an gCiste nuair is de dheasca athrú sna patrúin trádála dhomhanda atá poist á gcailliúint, nó nuair is í géarchéim airgeadais nó eacnamaíoch is cúis leis. D'fhonn deimhin a dhéanamh de go mbeidh an Ciste um Choigeartú don Domhandú i riocht freagairt d'athruithe ar mhargadh oibre an lae inniu agus an lae amárach, agus do dhúshláin eacnamaíocha, molann an Coimisiún na feabhsuithe seo a leanas:

- Cur leis an réimse cúiseanna ar féidir le Ballstát cur isteach ar chúnamh ón gCiste: cuir i gcás, ní amháin nuair a chuirtear oibrithe ó láthair de thoradh imeachtaí athstruchtúraithe a thagann ó athruithe sna patrúin trádála dhomhanda, ach freisin de bharr an uathoibrithe, an digitithe, nó an aistrithe go geilleagar ísealcharbóin
- Ísliú a chur ó 500 go 250 ar líon na n-oibrithe a briseadh as a bpost chun gur féidir iarratas a cheadú, rud is fearr léargas ar an méid a bhíonn i ngnólacht ar an meán sa lá atá inniu ann, agus ar a neamhghnáiche agus atá sé feasta líon an-mhór oibrithe a bhriseadh as a bpost le chéile
- Ach an ráta idirghabhála a ailíniú leis an ráta cómhaoineacháin CSE+ is airde sa Bhallstát lena mbaineann, spreagfar na Ballstáit le cur isteach ar airgead sa dóigh is éifeachtaí

Print ISBN 978-92-79-86821-4 doi:10.2767/777200 KE-04-18-531-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-86815-3 doi:10.2767/296 KE-04-18-531-GA-N